Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2015**

**12765/15**

**SOC 567**
**EMPL 376**
**SAN 325**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12354/15 SOC 539 EMPL 354 SAN 297 |
| Ábhar: | Clár nua Oibre maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair chun dálaí oibre níos fearr a chothú<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na Toscaireachtaí i gceangal leis seo an leagan críochnaitheach de na Conclúidí mar a ghlac an Chomhairle (EPSCO) iad an 5 Deireadh Fómhair 2015.

**Clár nua Oibre maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair chun dálaí oibre níos fearr a chothú**

**Conclúidí ón gComhairle**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. AG FÉACHAINT DO Chreat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020 arb éard is aidhm dó go mbeidh príomhról ag an Aontas Eorpach i gcónaí i dtaca le hardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le dálaí oibre laistigh den Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta, i gcomhréir le Straitéis Eoraip 2020;

2. AG FÉACHAINT DO na Conclúidí ón gComhairle a glacadh i mí an Mhárta 2015 maidir le Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua;

3. AG FÉACHAINT DON rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cigireachtaí éifeachtacha saothair mar straitéis chun feabhas a chur ar dhálaí oibre san Eoraip;

4. AG TNÚTH GO MÓR LE torthaí na tuarascála maidir leis an Meastóireacht ar Chur Chun Feidhme Praiticiúil Threoracha an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair i mBallstáit an Aontais;

5. DE BHRÍ NACH amháin go mbíonn tionchar ag an ngeilleagar neamhfhoirmiúil ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht ag an obair agus ar dhálaí oibre ach freisin ar an bhfás eacnamaíoch sna Ballstáit agus, mar sin, ar inbhuanaitheacht bheartais shóisialta na hEorpa agus DE BHRÍ GO bhfuil sé d'uaillmhian ag an gCoimisiún Eorpach "Rátáil shóisialta Trí A" a bhaint amach;

6. DE BHRÍ GO bhféadfadh tionchar a bheith ag athrú sa teicneolaíocht agus ag an nuáil, ag an bhforbairt eacnamaíoch agus ag cineálacha nua fostaíochta, ní hamháin ar dhálaí oibre ach ar iomaíochas agus ar tháirgiúlacht na bhfiontar freisin agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé go dteastódh beart láithreach chun ardleibhéal sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus dálaí cuibhiúla oibre a áirithiú;

7. DE BHRÍ GO ndéantar, le Treoir Réime 1989 maidir le Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, leis an 20 Treoir leithleacha agus le Treoracha gaolmhara eile – atá mar thoradh freisin ar idirphlé tríphháirteach cuimsitheach i ndáil le beartais – íoscheanglais sláinte agus sábháilteachta ag an obair a áirithiú laistigh den Aontas Eorpach, cé go bhfuil cead ag na Ballstáit bearta níos déine a choinneáil nó a bhunú;

8. DE BHRÍ GUR céim thábhachtach chun an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun cinn mar is ceart d'fhonn sláinte agus sábháilteacht oibrithe a fheabhsú tuilleadh í an mheastóireacht ex-post a rinne an Coimisiún Eorpach i ndáil le Treoracha maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair sna Ballstáit a chur chun feidhme go praiticiúil, lena n-áirítear freisin measúnú ar an ngá atá leis na Treoracha a thabhairt cothrom le dáta, a leasú nó a aisghairm gan leibhéal cosanta na n-oibrithe a laghdú;

9. DE BHRÍ GO bhfuil príomhról ag lucht cigireachta saothair nó ag údaráis ábhartha eile maidir le reachtaíocht na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair a fhorfheidhmiú agus maidir le treoir agus faisnéis a sholáthar dá cur chun feidhme, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus maidir le dul i ngleic leis an obair neamhdhearbhaithe, i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí, agus é mar aidhm acu, *inter alia*, reachtaíocht na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair a fhorfheidhmiú;

TAR ÉIS NA CONCLÚIDÍ SEO A LEANAS A GHLACADH:

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS

10. MEABHRAÍONN sí an ról atá ag an Aontas maidir le cabhrú agus tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun dálaí oibre níos fearr a bhaint amach agus feabhas a chur ar an timpeallacht oibre chun sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe a chosaint agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go n-urramófar neamhspleáchas agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta;

11. AITHNÍONN SÍ go bhfuil prionsabail an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus an Clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála mar thúsphointe maith do chinntí fónta agus tráthúla beartais, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair;

12. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR nach féidir le prionsabail na Rialála Níos Fearr agus leis an gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála ionad cinntí polaitiúla a ghabháil riamh agus nár cheart go laghdóidís an leibhéal cosanta d'oibrithe ach oiread, ach, a mhalairt sin ar fad, go méadóidís é trí éifeachtacht agus éifeachtúlacht níos fearr agus go n-áiritheofaí go mbeidh bearta dea-cheaptha agus sochair inbhuanaithe mar thoradh orthu do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus don tsochaí ina hiomláine;

13. MEABHRAÍONN SÍ traidisiún fada na sábháilteachta agus na sláinte ag an obair, ar gnéithe bunriachtanacha iad chun go bhfeidhmeoidh an margadh aonair mar is cuí, agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair agus a thábhachtaí atá sé go mbeadh dálaí cuibhiúla oibre i réim;

14. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR go mbeidh sé fós ar cheann de na gealltanais is tábhachtaí i gcás na mBallstát ar fad an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ag an obair atá ann cheana a chur chun feidhme;

15. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go gcaithfidh feidhm a bheith ag reachtaíocht na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair maidir le gach oibrí, beag beann ar mhéid na cuideachta;

16. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá struchtúr foriomlán reachtaíocht na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair, ar bhonn na Treorach Réime, lena soláthraítear bonn fónta oibríochtúil chun forálacha Eorpacha a fhorbairt maidir leis an tsláinte agus an tsábháilteacht;

17. MEASANN SÍ gur cheart, le haon mhodhnú a dhéanfaí air sin nó le haon atheagrú mór nó athrú mór a dhéanfaí ar na Treoracha aonair nó le haon mhodhnú ar an Treoir Réime, féachaint don tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na dlíthe náisiúnta i ndáil le sláinte agus sábháilteacht ag an obair;

18. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh sé go mbeadh gá le roinnt Treoracha maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn coinneáil bord ar bhord lena bhfuil ag titim amach i gcúrsaí teicneolaíochta agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá aon athruithe a dhéanfaí ar an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair a bheith bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach tionchair, agus aird á tabhairt ar a bhfuil ag titim amach i réimse ar leith na reachtaíochta, lena n-áirítear rioscaí nua a bheith ag teacht chun cinn maidir le sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe;

19. CUIREANN SÍ I bhFÁTH an gá atá ann na dúshláin agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a thuiscint agus a shainaithint i ndáil le foirmeacha nua d'eagrú na fostaíochta agus na hoibre, gairmeacha nua, láithreacha oibre níos éagsúlaithe agus uaireanta oibre neamhghnácha, i réimsí amhail fochonraitheoireacht, obair dhigiteach, slua-obair, obair ar éileamh, geilleagar na comhroinnte, slabhraí soláthair, oibrithe féinfhostaithe spleácha, chomh maith leis na dúshláin maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a bhaineann le hoibrithe neamhdhearbhaithe, agus ba cheart beartais agus gníomhaíocht a bheith ag gabháil leis an méid sin ar an leibhéal Eorpach chun a áirithiú go mbeidh dálaí cuibhiúla oibre ann i dtimpeallacht shábháilte oibre, agus na gnéithe inscne á gcur san áireamh mar is iomchuí;

20. MEASANN SÍ gurb amhlaidh, más rud é nach bhfuil fianaise ar fáil go fóill, gur cheart bearta maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a bhreithniú freisin i bhfianaise phrionsabal an réamhchúraim gach uair a bheidh toimhde réasúnta ann go bhféadfadh riosca a bheith ann;

21. LÉIRÍONN SÍ gurb iad neamhoird mhatánchnámharlaigh agus rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair féin is mó is cúis le saoire bhreoiteachta;

22. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur príomhthosaíocht phráinneach é leibhéal cosanta na n-oibrithe a mhéadú i gcoinne carcanaiginí, só-ghineach agus oibreán guaiseach, ceimiceach eile ag an láthair oibre;

23. MEABHRAÍONN SÍ na rioscaí ionchasacha atá ag teacht chun cinn maidir le sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe mar thoradh ar theicneolaíochtaí nua, amhail an nanaitheicneolaíocht, nó mar thoradh ar cheimiceáin réabtha iontálacha nó nimheanna atáirgeacha agus IARRANN SÍ anailís bhreise a dhéanamh ar na rioscaí sin, más gá;

24. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an t-athrú déimeagrafach maidir le dálaí oibre san Eoraip, agus é á chur san áireamh go gcuidítear go mór le hoibrithe, trí dhálaí maithe, sábháilte oibre, fanacht sláintiúil agus spreagtha ag an láthair oibre;

25. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart aird a thabhairt, le beartas an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, ar na tuairimí ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair agus ó Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair;

26. SONRAÍONN SÍ clár Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair, a mhaoiníonn an Coimisiún Eorpach, lena malartaítear cigirí saothair idir na Ballstáit chun taithí agus cleachtais a roinnt d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht an rialaithe agus an fhaireacháin ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus chun cláir oiliúna do chigirí a chur chun cinn;

27. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go n-urramófaí neamhspleáchas agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta, i gcur chun feidhme bheartais an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair;

28. MEABHRAÍONN SÍ gur cheart go mbeadh an fás fite fuaite le saol an duine agus go dtagann poist ardcháilíochta agus táirgiúlacht níos fearr as fás cothrom agus cóir atá bunaithe ar phoist a mbíonn coinníollacha leordhóthanach oibre ag gabháil leo lena n-urramaítear sláinte, sábháilteacht agus dínit an oibrí;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. LEANÚINT de bhéim a leagan ar rannchuidiú dearfach na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair leis an méid atá á bhaint amach tríd an margadh aonair agus trí shaorghluaiseacht na n-oibrithe agus leanúint de bhéim a leagan go háirithe ar a thábhachtaí atá an chothroime iomaíochta idir na Ballstáit sa tsláinte agus sa tsábháilteacht ag an obair chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh iomaíocht chothrom agus dálaí cuibhiúla oibre ann ar fud an Aontais Eorpaigh [...]agus chun cur leis an muinín atá ag oibrithe agus ag fostóirí as an margadh aonair Eorpach;

30. forbairt beartas, straitéisí agus tionscnamh A CHUR CHUN CINN, mar is iomchuí, chun a áirithiú go mbeidh oibrithe sa gheilleagar neamhfhoirmiúil sábháilte agus sláintiúil ag an obair, ionas gur fusa dóibh aistriú chuig an ngeilleagar foirmiúil;

31. ról níos gníomhaí A GHLACADH maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair a fheabhsú trí obair neamhdhearbhaithe a chomhrac, mar is léir ón taithí a fuarthas gur measa a bhíonn na dálaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair i gcásanna na hoibre neamhdhearbhaithe;

32. LEANÚINT DE gach iarracht a dhéanamh chun taighde a dhéanamh ar thionchar an mhargaidh dhigitigh saothair ar an tsábháilteacht agus ar an tsláinte ag an obair agus ar dhálaí oibre agus chun é a chur san áireamh ina cuid beartas sláinte agus sábháilteachta ag an obair;

33. Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair A SPREAGADH chun féachaint ar an mbreisluach a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le lárionad oiliúna Eorpach laistigh de na struchtúir atá ann cheana chun cigirí saothair a chur ar an eolas faoin mbeartas Eorpach maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus faoin reachtaíocht ábhartha agus chun faisnéis a roinnt maidir le dea-chleachtais i ndáil le forghníomhú;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

34. Ábhair imní faoi leith agus riachtanais faoi leith gach Ballstáit A CHUR SAN ÁIREAMH nuair a bheidh measúnú á dhéanamh aige ar na Treoracha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair;

35. MACHNAMH A DHÉANAMH AR an reachtaíocht maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar na luachanna teorainneacha ceangailteacha ag an obair atá ann cheana agus trí cinn nua a chur leo, de réir mar is iomchuí, bunaithe ar mheasúnú tionchair agus ar fhianaise; MACHNAMH A DHÉANAMH AR dhearadh reachtaíochta cliste na Treorach maidir le carcanaiginí, ionas go bhféadfar substaintí nua a chur leis go tapa agus go héifeachtúil;

36. na Treoracha atá ann cheana maidir le neamhoird mhatánchnámharlaigh (creathadh, láimhseáil lastaí de láimh agus trealamh scáileán taispeána) A ATHBHREITHNIÚ ar bhonn na meastóireachta ex-post ar Threoracha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair (SSO) agus MACHNAMH A DHÉANAMH AR IAD A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA; TACÚ, mar chéad chéim láithreach, le faisnéis na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) faoi dhea-chleachtais a dháileadh, ar faisnéis í i ndáil le neamhoird mhatánchnámharlaigh a bhaineann leis an obair, chun cabhair níos fearr a thabhairt d'fhostóirí na rioscaí sin a bhainistiú;

37. AIRD ar leith A THABHAIRT AR an staid i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le neamhoird mhatánchnámharlaigh agus eirgeanamaíocht, galair a bhaineann leis an obair agus cosaint i gcoinne substaintí díobhálacha ceimiceacha, agus leanúint d'uirlisí agus d'ionstraimí atá furasta le húsáid a fhorbairt don mheasúnú riosca agus don bhainistiú riosca sna fiontair sin;

38. AIRD A THABHAIRT AR Fheachtas EU-OSHA 2014-15 maidir le Sláinte sna hIonaid Oibre i ndáil le rioscaí síceasóisialta san ionad oibre agus SAINAITHINT A DHÉANAMH, mar chéad chéim láithreach, ar na hanailísí breise agus ar na dea-chleachtais is gá a dhéanamh a bhaineann le rioscaí síceasóisialta, chun tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí chun na rioscaí sin a bhainistiú agus féachaint an bhféadfaí reachtaíocht agus/nó bearta eile iomchuí a leagan amach;

39. I gcomhthéacs an róil atá aige maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020, plean gníomhaíochta oibríochta nó bainistíochta A ULLMHÚ, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach ceann de na trí dhúshláin mhóra maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, mar atá sonraithe sa Teachtaireacht uaidh ina sainaithnítear go soiléir na príomhchuspóirí straitéiseacha a dtabharfar aghaidh orthu, na gníomhaíochtaí sonracha a bheidh le déanamh, na gníomhaithe éagsúla nó na geallsealbhóirí a bheidh rannpháirteach ina chur chun feidhme agus a bheidh freagrach as a chur chun feidhme, na torthaí a bheidh le baint amach, táscairí soiléire chun na torthaí a thomhas agus an amlíne ar cheart na gníomhaíochtaí a chur i gcrích i gcomhréir léi;

40. i gcomhar le EUROFOUND agus le EU-OSHA, dúshláin agus rioscaí sláinte agus sábháilteachta A SHAINAITHINT maidir le foirmeacha nua d'eagrú na fostaíochta agus na hoibre agus gairmeacha nua;

41. Córais taifeadta sonraí níos comhsheasmhaí A FHORBAIRT lena léireofaí na fachtóirí cúise ar bhealach níos fearr agus lena gcabhrófaí le rioscaí a shainaithint, le straitéisí bainistithe riosca agus le straitéisí chun rioscaí a chosc;

42. A IARRAIDH ar an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair féachaint an bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as na struchtúir agus as na córais atá ann cheana chun faisnéis agus treoirlínte atá ann cheana, lena n-áirítear treoirlínte praiticiúla earnála, maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a bhailiú agus a mhalartú go héasca, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide;

43. Ballstáit A SPREAGADH agus TACÚ LEO a gcuid treoirlínte praiticiúla earnála, lena gcumhdaítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair i ngairmeacha sonracha, a mhalartú agus a aistriú;

44. LEANÚINT DE thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt uirlisí praiticiúla, amhail an Measúnú Riosca Idirghníomhach Ar Líne (OiRA) a chuir EU-OSHA i dtoll a chéile agus d'fhorbairt leaganacha earnáil-sonracha de na ríomhuirlisí sin le gur fusa a bheidh sé d'fhostóirí aonair measúnú riosca a dhéanamh ar bhealach comhthoiliúil, cruthaitheach, go háirithe i measc na micrifhiontar agus na bhfiontar beag, d'fhonn bearta coisctheacha leordhóthanacha a dhéanamh;

45. forbairt ábhair dea-chleachtais a SPREAGADH maidir le heirgeanamaíocht lena úsáid ag cigirí saothair chun a chur ar a gcumas rialuithe leordhóthanacha a chur i gcrích;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

46. Acmhainní iomchuí A ÁIRITHIÚ chun an reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach agus bearta coisctheacha chun tacú le fiontair maidir le rioscaí a chosc agus a bhainistiú san ionad oibre;

47. BEALAÍ a shainaithint chun simpliú agus laghdú a dhéanamh ar aon ualach rialála sonrach neamhriachtanach atá sa reachtaíocht náisiúnta thras-suite maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair gan an leibhéal cosanta a laghdú d'oibrithe agus gan cinntí na mBallstát a theorannú i leith leibhéal níos airde cosanta;

48. Feasacht A MHÚSCAILT ar a thábhachtaí atá an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an ionad oibre agus bealaí a shainaithint chun sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chomhtháthú i gcláir náisiúnta oideachais agus oiliúna i gcomhréir le nósanna agus cleachtais náisiúnta;

49. Oiliúint leordhóthanach A CHUR AR FÁIL do chigirí saothair chun tabhairt faoi na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn agus comhar a neartú le cigireachtaí saothair sna Ballstáit eile chun na cleachtais is fearr agus an taithí a fuarthas a mhalartú;

50. Rialú agus comhairliúchán A CHOMHCHEANGAL, agus creat a fhorbairt le haghaidh idirphlé treisithe idir cigirí saothair nó údaráis inniúla eile, de réir mar is iomchuí, agus fiontair agus é mar aidhm iad a spreagadh agus a chabhrú chun teagmhais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chosc, agus chun dul i ngleic leis na teagmhais sin, trí fhaisnéis agus comhairliúchán spriocdhírithe a chur ar fáil i gcomhréir le nósanna agus cleachtais náisiúnta;

51. ÚSÁID NÍOS FEARR A BHAINT AS na Cistí Eorpacha, de réir mar is iomchuí, d'fhonn cur le cumas na n-institiúidí poiblí na forálacha i ndáil le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a fhorghníomhú, go háirithe agus obair neamhdhearbhaithe á comhrac;

IARRANN SÍ AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

52. LEANÚINT DE chur chun cinn a dhéanamh ar chomhaontuithe trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith á gcaibidliú agus á dtabhairt i gcrích ag fiontair ilnáisiúnta agus ag cónaidhmeanna ceardchumann domhanda, agus é mar aidhm leis na comhaontuithe sin dálaí oibre sábháilte a chur chun cinn in oibríochtaí corparáideacha agus i slabhraí soláthair na n-oibríochtaí sin ar fud an domhain;

53. Straitéis A FHORBAIRT a bheidh dírithe ar an gcleachtas, chun dálaí oibre a chur in oiriúint d'athruithe ar eagrú oibre, lena n-áirítear saincheisteanna maidir leis an margadh saothair digiteach agus maidir leis an ionad oibre digiteach;

54. Iarrachtaí A THREISIÚ chun fiontair a spreagadh feabhas a chur ar an timpeallacht oibre maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair trí chuidiú le feasacht na bhfostóirí agus na n-oibrithe a mhúscailt sa réimse seo, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide.